

Laillí Lamb de Buitleár ag comhrá le Máire Ní Chualáin faoina hathair, an tealaíontóir, Charles Lamb, agus faoi theaghlach Lamb

Oidhreacht Lamb

Ba as Port an Dúnáin m'athair agus ba é an duine ba shine de sheachtar é.

Bhíodh sé ag déanamh obair phrintíseachta in éineacht lena athair, ag deasú seanséipéal, ar dtús. Chaith sé ceithre bliana leis agus ansin cheap sé gur mhaith leis dul leis an dathadóireacht - ola nó uisce. Chuir sé isteach ar scoláireacht ón gColáiste Ealaíne i mBéal Feirste le dhul ag staidéar i mBaile Átha Cliath, agus fuair sé an scoláireacht sin i 1917.

Ag an am, bhí Baile Átha Cliath an-chorrach tar éis éirí amach 1916 agus níor thosaigh an cúrsa go dtí amach sa bhFómhar i 1917. Thaitnigh sé go mór leis agus bhí chuile dhuine ag réiteach le chéile. Fuair sé aithne ar go leor daoine. Ba dhuine an-réchuiseach a bhí ann agus bhí sé éasca aithne a chur air. Bhí sé go maith ag inseacht scéalta. D'fhan sé trí nó ceithre bliana i mBaile Átha Cliath agus ansin chuaigh sé go Conamara ar chuireadh a fuair sé ó Phádraic Ó Conaire. Chastáir ar a chéile sa Pearl Bar i mBaile Átha Cliath iad. Bhíodh Pádraic ag scríobh i *Scéala Éireann* ag an am. D'fhiafraigh sé de Phádraic lá éicint 'cén áit i gConamara a bhféadfainn dhul le go bhfeicfinn spéartha, mar níl tada thart anseo ach tithe agus ba mhaith liom radharcanna a dhathú.'

Bhuail sé leis, ar chuma ar bith, siar go Gaillimh ar an traein agus thug Pádraic amach go Conamara é. Tá mé ag ceapadh gur thart ar 1921 a bhí ann, samhradh 1921.

Bhuail sé amach go dtí an Cheathrú Rua agus thóg sé teachín beag ceann-tuí ar chíos ó mhuintir Sheoige ag an gcrosbhóthar san áit a bhfuil an seanbheairic anois. Bhí comhlúadar maith aige ansin agus bhí na gardaí (an R.I.C.) amach ar a aghaidh. Bhídís an-fhiosrach faoi cén fáth a raibh duine ón taobh ó thuaidh ag teacht anseo ag tógáil phictiúr. Bhíodh sé greannmhar freisin mar thagadh ealaíontóirí eile ar cuairt ar m'athair agus ar ndóigh bhídís ag béarlóireacht le chéile, agus bhí neart Béarla ag na gardaí seo agus d'éirigh go maith leo.

Fuair sé suíomh ansin le teach a thógáil ó Mháirtín Ó Domhnaill. Thosaigh sé ag tógáil an tí i 1933 agus thóg sé dhá bhliain orthu é a thógáil. Thug m'athair saorcloch anuas as ceantar Ard Mhacha - John Mór an t-ainm a bhí air - agus bhí mac aige, John Beag, a bhí ag déanamh a chuid printíseachta ag an am. Shocraigh John Mór go mbeadh muintir na háite ag obair in éindí leis. Tá fhios agam go raibh athair Pheadar Tommy ag obair ann agus cúpla duine as an Tismeáin chomh maith. Bhí daoine ann a tháinig aníos as an gCaorán Beag agus as Barr an Doire, thaitnigh sé go mór leo theacht agus foghlaim cén chaoi le clocha mar seo a bhriseadh agus coirnéil a chur orthu nó iad a dhéanamh cearnógach nó dronuilleogach, agus d'fhoghlaim siad freisin le clocha a ardú go barr tí. Inné go deireanach a bhí mé ag breathnú ar na clocha móra atá thuas ard ar an teach agus níl fhios agam beo cén chaoi ar chuir siad suas ann iad. Bhí fear anoir as na Foráí Maola, Michael Canning, agus

bhíodh seisean ag obair mar chúntóir don saorcloch, John Mór. Bhí sé ag tógáil an-fhada orthu an bhleisteáil a dhéanamh - mar caithfidh tú cuimhniú nach raibh aon leictreachas ann an uair sin. Chríochnaigh muintir na háite na cosáin agus na leacracha timpeall an tí nuair a d'imigh John Mór suas go dtí an 'north' mar a dúirt siad féin. Seo é an seomra oibre a bhíodh acu, an seomra seo a bhfuil muid ann, agus is anseo a rinneadh na fuinneoga uilig atá ar an teach. Ní raibh mise ach thart ar dhá bhliain nuair a bhí an teach á thógáil agus ba é Pádraic Chóil as an Rinn a dúirt go raibh an teach sách tógtha le mé fhéin agus Tina, mo leathchúpla, a ligean isteach ann agus tháinig muid isteach sa teach i 1935.

Rugadh mo mháthair sa mbliain 1900 agus tháinig sí go Baile Átha Cliath nuair a bhí sí ocht mbliana déag. Theastaigh uaithi tréadliacht a dhéanamh, ní raibh aon chead ag mná a bheith ag déanamh tada a bhain le leigheas ná le tréadliacht thall i Sasana. Chuir sí isteach ar agallamh agus chlis uirthi agus chuir sí ceist cén fáth agus dúirt siad nár mhaith leo mná bheith sa gcoláiste ach dá mba mhaith léi go bhféadfadh sí triail a bhaint as Baile Átha Cliath mar go raibh coláiste tréadliachta an-mhaith ansin agus go raibh siad 'sách craiceáilte thall ansin le rud ar bith a dhéanamh'. Thriail sí é agus tháinig sí anall agus chuir siad agallamh uirthi agus fuair siad amach nach raibh Laidin déanta aici agus b'éigean di cúrsa iomlán Laidine a dhéanamh taobh istigh de bhliain, rud a rinne sí, agus ba ise ansin an chéad bhean a tógadh



isteach sa gcoláiste. Bhíodh sí ag obair ar fheirm le linn an chogaidh nuair a bhí sí seacht mbliana déag agus bhí bean eile in éindí léi as Albain. Shocraigh an bheirt acu gur mhaith leo tréadliacht a dhéanamh. Bhí máthair na mná as Albain tinn ag an am agus níor éirigh léi teacht go hÉirinn le haghaidh an scrúdú a dhéanamh ag an am céanna le mo mháthair ach tháinig sí nuair a bhí mo mháthair sa dara bliain, agus ba ise an dara bean. Bhí an bheirt acu sa gcoláiste ag an am agus bhí ag éirí go maith leo. Bhí daoine cáiliúla sa gcoláiste in éineacht léi ag an am.

Casadh m'athair uirthi i mBaile Átha Cliath agus í ag siúl thart Faiche Stiabhna. Chonaic sí an taispeántas seo ar siúl sa Dublin Painters' Gallery, uimhir 7 Faiche Stiofáin. Chuaigh sí isteach tráthnóna Dé Sathairn agus casadh m'athair uirthi agus Kathleen Price. Bhí Kathleen mar rúnaí ann ag an am. Bhí sé gar do am dúnadh agus chaith sí uair ag caint leo agus d'fhiafraigh siad di ar mhaith léi dul ag ól deoch in éineacht leo, agus chaith siad cúpla uair an chloig le chéile agus

b'shin an chaoi ar casadh m'athair uirthi.

Phós siad i 1927 nuair a bhí a cuid scrúduithe faighte ag mo mháthair agus í cáilithe mar thréadlia, agus d'éirigh go han mhaith léi. Fuair sí an bonn óir agus d'éirigh níos fearr léi ná na lads agus thaitnigh sé sin léi! Bhí an teach beag ag m'athair thíos ar an mBóthar Buí agus isteach ansin a tháinig sí. Rugadh mo dheartháir John i 1928. Bhí carbhán agus capall ag mo mháthair. B'shin an córas taistil agus an córas tí a bhí aici. Thug a hathair carbhán di mar bhrontanas le theacht go hÉirinn agus bhíodh sí ina cónaí ann. Ba mhór an spórt é. Bhíodh sé maisithe go hálainn taobh amuigh agus taobh istigh. Chuaigh mo mháthair agus m'athair agus John, an naíonán, ar fud Chonamara agus amach go Maigh Eo. B'shin an córas taistil a bhí ag lucht leighis agus ag sagairt agus ag duine ar bith a raibh gá dhó bheith ag taisteal.

Rinne sí méid áirithe obair thréadliachta. Mar a dúirt mé, ní raibh mórán measa ar mhná ag déanamh aon obair a bhain le

dochtúireacht ná rudaí mar sin, ach bhí cumann i Sasana faoi Richard Martin, an Blue Cross Society, agus bhunaigh sí cumann beag acu sin thart anseo. Thug siad sin cineál deontas di le tosú agus bhí teach beag nó clinic aici agus choinníodh sí a cuid uirlisí leighis ansin. Tar éis píosa, ar aon nós, fuarthas amach go raibh a leithéid ann, 'dochtúir na mbeithigh' a thabharaidís uirthi. Thagaidís aniar as an Máimín, aniar sa gcurach go Caladh Thaidhg, agus anuas as Béal an Daingin agus aniar as Leitir Móir. Bhídís ag iarraidh uirthi dhul ag breathnú ar an mbó. Bhíodh capaill ag chuile dhuine an uair sin agus bhíodh trioblóidí acu leo, séideadh boilg ba mhó a bhíodh orthu. Aisteach go leor is mar gheall ar mhíchúram a tharlaíodh sé seo - b'fhéidir go mbídís amuigh ag iascach agus d'fhágaidís cliabh éisc sa scioból agus déaraidís 'ní íosfaidh an capall iasc'. Is é atá in ann é a ithe! Ní stopfaidh an capall go mbeidh chuile rud ite aige. Bhíodh a gcuid leigheasanna féin ag na daoine. Bhídís ag tabhairt luibheanna fiáine do na hainmhithe. Bhí sé an-deas go

raibh meas acu ar mo mháthair agus, de réir a chéile, mhéadaigh an méid oibre a bhí aici. Thagadh daoine aniar as Gorumina agus d'fheiceadh mo mháthair iad ag teacht agus pluid ar a ngualainn ag na fir di. Bhíodh sí go maith le hainmhithe agus bhí sí go maith mar mharcach. Bhíodh scéalta deasa aici faoi fhir na háite a bhíodh ag iarraidh í a íoc ar ais. B'fhéidir go dtagadh fear ag an doras le cáca nó im nó uibheacha. Sin é an chaoi a raibh an saol an t-am sin.

Maidir le m'athair, thosaigh sé le portráidí ag an gcoláiste. Bhíodh sé ag dathú na scoláirí eile nó na múinteoirí nó mná céile na bhfear a bhí á mhúineadh. Bhíodh cuid acu an-dathúil, mar shampla bean Maurice MacGonigle. Ansin nuair a tháinig sé go Conamara bhí sé tógtha ceart leis na seálta a bhíodh na mná a chaitheamh agus sa chaoi a raibh na fir gléasta leis na hataí agus na caipíní a chaithidís. Ba chuma cén obair a bhíodís a dhéanamh bhí sé in ann pictiúr a dhéanamh as. Fuair sé aithne an-mhaith ar chuid de na daoine a bhí ag obair ar an teach agus d'iarr sé ar ais ansin iad le go dtógfadh sé a gcuid pictiúr. Thógadh sé fear ar dtús agus dhéanadh sé an chuid is mó dá éadan ar feadh fiche nóiméad nó leathuair a chloig. Ansin déaradh sé 'an dtiocfaidh tú lá éicint eile agus an gcaithfidh tú na héadaí céanna atá ort inniu?' Dhéanadís dearmad glan air agus bhíodh rud éicint eile orthu! Bhíodh an báinín orthu go hiondúil. Chríochnaíodh sé an píosa sin agus thaispeánadh sé dóibh é agus bhíodís breá sásta.

Tá fear amháin a bhfuil mé ag cuimhniú air, Patch Sheáin Dan as an Rinn, agus dúirt Patch leis 'meastú cá mbeidh mé i mo shuí?' mar ní raibh tada le feiceáil ach a chuid guaillí agus a chuid lámha agus bhí bata siúil aige, agus sin é an rud a raibh m'athair ag iarraidh a dhéanamh - na lámha, na guaillí agus an chaoi a raibh sé ina shuí agus an chaoi a raibh an solas ag scaladh ar a éadan. An lá seo bhí Patch chomh fíorasach agus 'séard a

dúirt m'athair leis 'b'fhéidir go gcuirfinn isteach i gcairín asail fós thú!' Bhí rún aige bean as an mBóthar Buí, mamó Pheadar Tommy, Bideach, a thógáil. Thóg sé í agus chuir sé an bheirt acu ag suí le chéile i bpictiúr eile a rinne sé. Tá an pictiúr sin an-cháiliúil agus tá sé le feiceáil i ndánlann thíos i gCorcaigh. 'An Bheirt Chríonna' a thug sé ar an bpictiúr sin. Rinne sé an cleas céanna léi sin - thóg sé í ar dtús agus ansin chuir sé an seál uirthi an dara lá agus chríochnaigh sé na lámha ar an tríú lá agus an t-aprún beag a bhíodh uirthi. Ansin chuir sé an bheirt le chéile agus rinne sé pictiúr mór as an mbeirt acu. Cheannaigh duine éicint an chéad phictiúr, (an chéad sceitse), an lá cheana i mBaile Átha Cliath ar 39,000 euro. Bhí sé go hálainn. Ar ndóigh rinne sé sceitse de chuile rud beo a dhéanadh sé agus dá bhrí sin tá péire nó trí cinn de chuile phictiúr ann.

Tá ceann an-deas déanta aige de chéibh an tSruháin tógtha ón gcúinne thiar, ón mbóthar, ag breathnú soir. Feicfidh tú Ros a' Mhíl soir uait. Tá sé cinn déag de chrann bád le feiceáil ann. Tá an solas go hálainn ann agus bheadh fhios agat go díreach cén tráth den tráthnóna a rinne sé é, thart ar an sé a' chlog. Thaitnigh na portaigh go mór leis freisin. Is é an cleas a bhí ag m'athair ná go roinneadh sé an pictiúr ina thrí chuid - an portach a bheadh sa chéad tríú cuid agus an criathrach soir uait sa dara cuid agus ansin an spéir sa tríú cuid. Bhí tú in ann an t-am den lá a thomhais ó bheith ag breathnú ar an bpictiúr.

Chuaigh a chuid pictiúr go Meiriceá, go Los Angeles, Chicago, Boston, Nua Eabhrac agus San Francisco. Cheannaigh dánlann nó leabharlann nó dream a raibh airgead curtha i dtaisce acu le haghaidh ealaín as Éirinn iad agus roghnaíodh siad na pictiúir ag taispeántas a bhíodh in acadamaí i mBaile Átha Cliath uair sa mbliain.

Chuaigh pictiúir leis go Sasana freisin agus, ar ndóigh, d'fhan cuid in Éirinn.

Bhíodh na daoine uafásach fíorasach mar ní bhíodh fhios acu céard a bhíodh sé a dhéanamh. Shuíodh sé agus a dhroim aige leis an ngaoithe agus tar éis píosa chloiseadh sé gasúir ag sioscadh agus ag sciotaíl gháire. Bhíodh daoine ag fiafrú dó céard a bhíodh sé a dhéanamh agus bhíodh sé ag inseacht dóibh. Ní raibh aon Ghaeilge aige ach corr fhocal anseo 's ansiúd. Cheap na daoine go raibh sé ag déanamh an t-uafás airgid agus cheap siad go raibh muid an-saibhir mar gheall go raibh teach mór againn, ach bhí muid chuile rud ach saibhir! Bhíodh uaireanta ann nuair nach mbíodh m'athair in ann íoc as rudaí agus gheobhadh sé airgead óna dheartháir. Bhíodh taispeántais ag m'athair thuas i bPort an Dúnáin agus dhíoladh sé cuid de na pictiúr thuas ansin. B'shin an aisíoc a dhéanadh m'athair ar an airgead a fuair sé ar iasacht óna dheartháir. Sin an chaoi a raibh an saol, bhíodh na daoine ag babhtáil agus ní raibh aon náire ar dhaoine a leithéid a dhéanamh. Bhíodh sé fadradharcach agus bhíodh a fhios aige go dtiocfadh scéal maith uair éicint. Ach bhíodh mo mháthair uafásach imníoch agus bhínn in ann é a aithneachtáil ar a héadan go raibh imní uirthi faoi chúrsaí airgid.

Bhí stiúideo ag m'athair - tá sé ar chúl an tí - agus bhíodh sé ag múineadh mac léinn sa samhradh. Bhíodh siad ag fanacht sa teach againne. Ní bhíodh ann ach triúr ar a mhéid. Théidís amach ag tógáil radharcanna agus dá mbeadh laethanta baistí ann chuirfidís barr feabhais ar an bpictiúr a bhí tógtha acu an lá roimhe sin. Mhúineadh sé iad istigh sa stiúideo. Nuair a stop sé ag múineadh na mac léinn bhíodh taispeántais aige sa stiúideo ó thús mhí Meithimh go dtí Meán Fomhair agus thagadh daoine ar cuairt agus cheannadís pictiúir. Choinnigh mo mháthair an

stiúideo oscailte go dtí go bhfuair sí bás i 1978.

Bhí gairdín an-deas againn agus chuireadh muid a gcuid glasraí agus a gcuid luibheanna fhéin agus bhí torthaí againn. Bhí an saol go deas. Bhí mo mháthair go maith ag cócaireacht, cé nach raibh aon chócaireacht aici nuair a phós sí ar dtús. Bhíodh bean ag teacht isteach ag tabhairt chúnamh di agus bhíodh sí ag déanamh cácaí agus d'fhoghlaim mo mháthair le cácaí a dhéanamh freisin.

Maidir leis an gclann s'againne, rugadh mo dheartháir Peadar i 1929 agus bhí deirfiúr eile agam, Máire, a bhí dhá bhliain go leith níos sine ná mise agus Tina. Chuaigh mo dheartháir John, an duine ba shine, le hailtireacht. Bhí sé sách dian ar John mar fuair sé eitinn agus bhí sé mar scoláire anseo sa mbaile agus é ag cur a chuid oibre chun bealaigh go Londain. Ba cúrsa iontrála a bhí sé a dhéanamh le dul ag an gcoláiste, mar ní raibh an t-airgead againn lena chur chun coláiste. Fuair sé obair i mBord na Móna agus d'éirigh leis fáil isteach san ailtireacht ar an gcaoi sin. Bhí an t-ádh ar Pheadar mar fuair sé scoláireacht go Coláiste Éanna i nGaillimh agus ansin go dtí Coláiste Phádraic i mBaile Átha Cliath. Maidir le Mary, níor éirigh léi scoláireacht a fháil. Fuair sí isteach go Cnoc Sion ar chúrsa agus níl fhios agam cén chaoi a raibh airgead againn le n-íoc aisti, ach bhí an cogadh thart ag an am sin agus bhí m'athair ag díol pictiúr. Le linn an chogaidh, níor dhíol sé oiread agus pictiúr amháin fhéin. An méid is lú a gheobhadh sé ar phictiúr ná £5 agus an méid is mó ná dhá scór punt. Bhíodh an pictiúr sin a bhíodh dhá scór punt an-mhór agus bhíodh air a bheith ag seasamh nuair a bhíodh sé á dhéanamh agus bhíodh air ceithre choscéim a thógáil ó thaobh amháin den phictiúr go dtí an taobh eile.

Ansin bhí mise agus mo chúpla, Tina, ann. Fuair sise bás le

hepatitis. Ba ise an chéad duine a fuair hepatitis i gContae na Gaillimhe agus ní raibh fhios ag na dochtúirí aon rud faoi agus cailleadh í an-tobann, tar éis trí seachtainí, ní raibh sí ach ocht mbliana d'aois. Choinnigh mise orm liom fhéin. D'airigh mé uaim go mór í. Chuaigh mé ag an *tech* ansin, an cheard scoil, agus bhí múinteoirí iontacha ann, Piaras Ó Conaire agus a bhean Bríd. Chuaigh mé ar aghaidh ansin go Coláiste Loretto ar Fhaiche Stiabhna. Chaith mé trí bliana sa gcoláiste sin, coláiste Gaeilge. Bhí an cogadh ar siúl an t-am sin agus bhí rudaí an-dian sna scoileanna agus dá mbeadh múinteoirí tinn nó ag tógáil saoire de bharr breith linbh, ní chuirfí aon mhúinteoir eile ina n-áit. Dá bhrí sin, cheap mé nach raibh mé ag foghlaim tada ag an scoil agus bhí mo chuid Gaeilge ag sleamhnú uaim uafásach scioptha. Dúirt mé le m'athair go raibh mé ag iarraidh dul ar ais arís go dtí an *tech* agus lig sé cead dom é sin a dhéanamh. 'Meastú bhfuil aon seans go bhféadfá scoláireacht a fháil?' a d'fhiafraigh sé díom agus dúirt mise leis go dtriailfinn sin a dhéanamh. Fuair mé scoláireacht ón gCeathrú Rua go Cathal Brugha ag déanamh cúrsa bainistíocht tithe ósta. Chaith mé ceithre bliana ag obair i dtithe ósta ansin, tar éis dom a bheith críochnaithe i gCathal Brugha agus phós mé i 1957.

Sé an chaoi ar chas mé fhéin agus m'fhear céile, Éamon de Buitléar, ar a chéile ná go raibh cailín anseo sa gCeathrú Rua ag foghlaim Gaeilge agus í ag fanacht i dtigh John McKeown. Cáit Breathnach ab ainm di agus bhí deartháir aici, Diarmuid, a bhí cairdiúil le hÉamon. Dúirt sise liom 'cuirfidh mé thú in aithne do Éamon nuair a gheobhas tú an scoláireacht sin go Cathal Brugha.' Fuair mé an scoláireacht agus cuireadh Éamon in aithne dom agus tá muid mór le chéile ó shin! Bhí cúigear gasúr againn, triúr cailíní agus beirt bhuachaillí.

Aisteach go leor, ní dheachaigh

aon duine againn leis an ealaín, mar níor mhol m'athair dhúinn ealaín a dhéanamh mar shlí bheatha. Bhíodh sé ag rá é a dhéanamh mar ábhar ag an scoil agus go mbainfeadh muid an-sult as 'ach ní dhéanfaidh tú aon airgead as go brách,' a deireadh sé. Rinne John ailtireacht agus b'shin an rud ba ghairne don ealaín. Bhí Peadar cáilithe mar mhúinteoir scoile ach chuaigh sé leis an drámaíocht sa Taibhdhearc. Dúirt Micheál Mac Liamóir gur cheart dó a bheith in Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath agus shocraigh sé go gcuirfeadh an Seabhadh agallamh air. Tháinig Peadar aníos as an gCeathrú Rua agus bhí sé trí huair an chloig faoi agallamh agus d'éirigh leis. Bhí sé ag múineadh sa Tuairín ag an am. D'fhág sé an mhúinteoireacht agus an Tuairín agus chuaigh sé go Baile Átha Cliath le dhul ag aisteoireacht agus tá sé leis ó shin.

Ba é Ford Maddox Ford mo sheanathair agus níl an oiread sin eolais agam faoi mar d'fhág sé an chlann nuair a bhí mo mháthar sé bliana déag. Ba scríbhneoir cáiliúil agus léachtóir a bhí ann agus fuair sé post i Meiriceá. Ar ndóigh, bhíodh cailíní óga timpeall air agus bhíodh sé ag titim i ngrá le duine acu uair sa tseachtain! Bhí a bhean fhéin agus mo mháthair sa mbaile agus bhí an t-aon duine eile sa gclann, deirfiúr mo mháthair, tar éis dul sna mná rialta. Bhí an ceangal idir iad, thriail sé colscaradh a fháil ach ní réiteodh mo mhamó leis faoi agus, dá bhrí sin ní raibh cead aige aon bhean eile a phósadh. Bhí cúigear ban ar fad aige. Ní raibh fhios againne aon rud faoi seo nuair a bhí muid ag éirí aníos mar ní labhraíodh mo mháthair faoi. Bhíodh éad agus brón uirthi faoi. De réir a chéile bhí cáil ag teacht ar a chuid scríbhneoireachta agus scríobh sé go leor. Tá ceann dhá chuid leabhar ar shiolabas an chúrsa ealaíne anseo in Éirinn agus tá an-cháil air i Meiriceá.